2020. M81AT

2020L562A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2020***

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

## *Ardleibhéal*

## Roinn *A* *(60 marc)*

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

**3 Uair an chloig**

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**

ROINN A (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra)
ROINN B (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada)
ROINN C (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada)

**ROINN A**
- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an mbileog A3 lastall.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**
- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**
- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**
- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus i Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca thíos agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*


**Scrúduimhir** | |


# ROINN A – Croíréimsí Staidéir – Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna ar an mbileog A3 seo.

**A-1.** Taispeánann an íomhá thíos tromán páipéir. Sa troman páipéar tá ciúb agus priosma cearnógach a thrasnaíonn a chéile. Taispeánann an líníocht teilgean démhéadrach neamhiomlán den tromán páipéir. Taispeántar cló pictiúrtha freisin.

**(a)** Críochnaigh teilgean démhéadrach an tromáin páipéir.
**(b)** Aimsigh, agus cuir in iúl ina céimeanna, an fhíoruillinn idir an dromchla **abcd** agus an plána cothrománach.









**A-3.** Taispeánann an íomhá thíos droichead parabóileach atá suite ag acomhal an M50 i mBaile Átha Cliath. Sa líníocht, taispeántar an treoirlíne **DD₁**, an fócas **F** agus dhá phointe, **P** agus **Q** ar pharabóil dá leithéid.

**(a)** Aimsigh an ais agus an rinn, agus tarraing cuid den chuar parabóileach a rachaidh trí **P** agus **Q**.
**(b)** Tóg normal leis an gcuar ag pointe **P**.







**A-2.** Taispeánann an íomhá thíos clár líníochta agus dhá dhronbhacart. Taispeánann an líníocht ar dheis an bonnchló agus ingearchló neamhiomlán de chlár líníochta dá leithéid, chomh maith le dronbhacart 30°/60° agus dronbhacart 45°.


**(a)** Críochnaigh ingearchló agus bonnchló an chláir líníochta agus an dá dhronbhacart.
**(b)** Tarraingítear líne ó phointe **A** ar dhromchla an chláir. Is 50mm é fíorfhad na líne agus tá an líne ar fhíoruillinn 45° le himeall íochtarach an chláir.
Tarraing teilgin na líne sin.






**A-4.** Taispeánann an íomhá thíos buidéal cumhráin agus feadáin idirleata. Tá ingearchló agus bonnchló tugtha ar dheis, agus taispeántar iontu dhá fheadán dá leithéid. Sheasann na línte sceabhacha **AB** agus **CD** don dá fheadán.

**(a)** Aimsigh teilgin na líne cothrománaí is giorra idir na línte sceabhacha.
**(b)** Aimsigh fíorfhad líne a cheanglaíonn **A** agus **C**.







**Ní mór an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe – Ní mór do Scrúduimhir a chur ar an gclúdach tosaigh.**

Is cuid de Roinn C an léarscáil chomhairde seo agus ba chóir í a úsáid don fhreagra ar rogha na Céimseatan Geolaíche (Ceist C-1) amháin.

*(Scála 1:1000)*



2020. M81BCT

2020L562A2IL

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

*State Examinations Commission*

## *Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2020*

# *Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide*

# *Ardleibhéal*

# *Roinn B agus C* *(180 marc)*

## 3 Uair an chloig

**Tá an scrúdú seo roinnte ina thrí roinn:**

| | |
|---|---|
| ROINN A | (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra) |
| ROINN B | (Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada) |
| ROINN C | (Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada) |

**ROINN A**

- Cuirtear ceithre cheist i láthair.
- Freagair **trí cheist ar bith** ar an scrúdpháipéar A3 a ghabhann leis seo.
- Tá **20 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn A.

**ROINN B**

- Cuirtear trí cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn B.

**ROINN C**

- Cuirtear cúig cheist i láthair.
- Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) ar pháipéar líníochta.
- Tá **45 marc** ag gabháil le gach ceann de na ceisteanna i Roinn C.

**Treoracha Ginearálta:**

- *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
- *Ní de réir scála i gcónaí atá grafaicí an scrúdpháipéir tarraingthe agus ní cóir úsáid a bhaint astu chun scála a shocrú.*
- *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí i Roinn B agus Roinn C.*
- *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar líníochta.*
- *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair.*
- *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá tughta ar Roinn A agus ar na bileoga eile go léir a úsáidtear.*

# ROINN B - Croíréimsí Staidéir

Freagair **dhá cheist ar bith** as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

**B-1.** Taispeánann an íomhá ar dheis cás ina gcoinnítear spéaclaí léitheoireachta. Tá an cruth bunaithe ar phriosma triantánach comhshleasach a bhfuil slios d'fhad 75mm air.

Taispeánann Fíor B-1 ingearchló, bonnchló agus taobhchló an cháis.


Taispeántar cló pictiúrtha freisin ina dtaispeántar dromchlaí an cháis agus iad ag oscailt ar an bplána cothrománach.



**(a)** Tarraing an taobhchló, an bonnchló agus t-ingearchló a thugtar.

**(b)** Taispeántar greamán **rst**, a léirítear mar thriantán comhshleasach sa bhonnchló.
Greamaítear é trasna na dtrí dromchlaí den chás, **A**, **B** agus **C**.
Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló de ghreamán **rst**.

**(c)** Ar léaráid ar leith, tarraing forbairt dromchla aon phíosa den chás. Bíodh suíomh imlíneach an ghreamáin, **rst,** ar áireamh sa léaráid**.**




**Fíor B-1**


**B-2.** Taispeánann an íomhá ar dheis *Foirgneamh Crystal* i Londain, atá ar cheann de na foirgnimh is inbhuanaithe ar domhan. Tá céimseata an dearaidh ar chruth criostail, agus ar áireamh ann tá sraith dromchlaí plánacha gloine.

Taispeánann Fíor B-2 an bonnchló agus an t-ingearchló de thrí phlána thrasnacha.



Tugtar comhordanáidí cothrománacha agus ceartingearacha na bpointí **A**, **B**, **C** agus **D.**
Tugtar freisin páirt-chomhordanáidí an phointe **E**.

**Scála 1:1**




| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| A: | 180 | --- | 75 | --- | 70 |
| B: | 155 | --- | 25 | --- | 30 |
| C: | 100 | --- | 10 | --- | 10 |
| D: | 205 | --- | 10 | --- | 20 |
| E: | 220 | --- | 40 | --- | ? |

**Fíor B-2**

**(a)** Tarraing an t-ingearchló agus an bonnchló a thugtar de na plánaí trasnacha **ABC** agus **ABD**.

**(b)** Aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir na plánaí **ABC** agus **ABD.**

**(c)** Tarraing ingearchló agus bonnchló de líne chothrománach ar an bplána **ABC** a rachaidh tríd an bpointe **B.** Uaidh sin:

(i) Aimsigh uillinn an chlaonta de phlána **ABC** leis an bplána cothrománach.

(ii) Aimsigh fíorchruth phlána **ABC**.

**(d)** 165° atá san uillinn dhéhéidreach idir na plánaí **ABD** agus **ADE**.
Críochnaigh na teilgin do phlána **ADE.**

**B-3.** Taispeánann an íomhá ar dheis séadchomhartha atá tiomnaithe do na baill d'Óglaigh na hÉireann atá imithe ar shlí na fírinne.
Taispeánann Fíor B-3 an bonnchló agus an t-ingearchló de phirimid, bunaithe ar an íomhá ar dheis.
Taispeántar freisin cló pictiúrtha den struchtúr.





**(a)** Tarraing an bonnchló a thugtar, agus tarraing líníocht pheirspictíochta den struchtúr de réir na sonraí seo a leanas:

- Tá pointe an bhreathnóra **S**, 3.3m ó chúinne **A**
- Tá plána an phictiúir i dteagmháil le cúinne **A**
- Tá an léaslíne 3.0m os cionn líne na talún.

**(b)** Taispeántar san ingearchló fíorchruth de bhratach atá suite i suíomh **C**.
Tá an bhratach i gcruth triantáin chomhshleasaigh.
Tarraing an bhratach sa chló peirspictíochta.
*Bain úsáid as pointí téaltaithe cúnta chun na línte claonta ar an mbratach a aimsiú.*

**Scála 1:30**






**Fíor B-3**

# ROINN C - Grafaic Fheidhmeach

Freagair **dhá cheist ar bith** (i.e. na roghanna a bhfuil staidéar déanta agat orthu) as an roinn seo ar pháipéar líníochta.

# Céimseata Gheolaíoch

**C-1.** **(a)** Sa léarscáil atá leis seo, agus atá ar fáil ar leathanach cúil Roinn A, taispeántar comhrianta talún atá cúig mhéadar óna chéile go ceartingearach ar ghalfchúrsa coise.



Léiríonn **ABC** an chiumhais ar bhánóg atá beartaithe agus tá pointe **O** suite i lár an chuair leathchiorclaigh atá mar chuid den phlásóg amais.

Baineann na sonraíochtaí seo a leanas le bánóg **ABC** agus leis an bplásóg amais:

- tá an phlásóg amais leathchiorclach comhréidh ag airde 60m
- tá an chuid den bhánóg idir **A** agus **B** comhréidh ag airde 60m
- sa chuid den bhánóg ó **B** go **C** tá grádán 1 sa 15 ag ardú.

Agus taobhfhánaí de 1 le 1 á n-úsáid do na gearrthacha agus de 1 le 1.5 do na claífoirt, críochnaigh na hoibreacha talún atá riachtanach don phlásóg amais agus don bhánóg ar an taobh thuaidh.

**(b)** Déantar liathróid peile atá suite ag pointe **D** a chiceáil sa treo siar. Is parabóil í conair na liathróide. Tá rinn na parabóile sin suite ag airde 95m agus tá sí 60m siar ó phointe **D** go cothrománach.



Sa spás atá ar fáil ag barr na léarscáile, tarraing an chonair pharabóileach, agus aimsigh suíomh an phointe ar an bplásóg ar a dtuirlingíonn an liathróid i dtosach.

**(c)** Ar léaráid ar leith ar an léarscáil, taispeántar an t-ingearchló agus an bonnchló de dhá thollpholl sceabhacha ó phointí **P** agus **Q**. Ag an tollpholl ag **P**, nochtar an barrdhromchla agus an bundromchla ar stratam méine ag $\mathbf{P_h}$ agus $\mathbf{P_f}$ faoi seach. Ag an tollpholl ag **Q**, nochtar an barr-dhromchla agus an bun-dromchla ar stratam méine ag $\mathbf{Q_h}$ agus $\mathbf{Q_f}$ faoi seach.

Tugtar freisin an t-ingearchló agus an bonnchló de chuid den bhundromchla ar an stratam méine.

Aimsigh treoíocht, claonas agus tiús an strataim.

**Scála 1:1000**

# Foirmeacha Struchtúracha

**C-2.** Taispeánann an íomhá ar dheis an túr rialaithe aerthráchta atá ag aerfort an Chaisleáin Nua. Áirítear ann hipearbólóideach imrothlaithe agus trí chón barrscoite.
I bhFíor C-2 thíos, taispeántar na teilgin de mhionsamhail den túr. Géaga is ea **LMN** agus **$L_1M_1N_1$** de hipearbóil dhúbailte leis na reanna **M** agus **$M_1$**.
San ingearchló, taispeántar na hasamtóití **AB** agus **CD** den hipearbóil dhúbailte.





**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló a thugtar.

**(b)** Aimsigh suíomhanna na dtreoirlínte agus na bpointí fócais den hipearbóil dhúbailte san ingearchló.

**(c)** Léiríonn líne **PQ** conair eitilte eitleáin. Tarraing teilgin líne **PQ** agus aimsigh an fad ingearach is giorra ó phointe **S** go dtí líne **PQ**.

**Scála 1:200**




**Fíor C-2**

# Céimseata Dhromchla

**C-3.** Taispeánann an íomhá ar dheis uaireadóir.
Ar áireamh sa dearadh tá idirphíosaí a nascann bonn ochtagánach le haghaidh chearnógach uaireadóra.



Taispeánann Fíor C-3 ingearchló, bonnchló agus taobhchló d'uaireadóir dá leithéid. Taispeántar freisin páirtfhorbairt dromchla d'aghaidh an uaireadóra agus de dhá cheann de na hidirphíosaí.

**(a)** Tarraing an taobhchló a thugtar, agus teilg an bonnchló agus an t-ingearchló.


**(b)** Aimsigh an uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí **A** agus **B**.

**(c)** Aimsigh an fhorbairt dromchla de na dromchlaí **A**, **B** agus **C.**

**(d)** San fhorbairt, taispeántar an snáthaid bheag agus snáthaid mhór ar aghaidh chearnógach an uaireadóra, **C**.

Tarraing na snáthaidí ar dhromchla **C** san fhorbairt, agus ar an ingearchló agus ar an mbonnchló freisin.

**Scale 4:1 (Scála méadaithe)**




**Fíor C-3**


**C-4. (a)** Sa ghrafaic 3T, taispeántar ceam pláta gathach. I bhFíor C-4(a), taispeántar na sonraí le haghaidh ceam dá leithéid. Rothlaíonn an ceamar deiseal agus is é trastomhas an cheamsheafta ná Ø20mm.

Tarraing próifíl an cheama agus an léaráid díláithriúcháin de réir na sonraí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| 0° go 90° | Ardú, mar a thaispeántar sa léaráid |
| 90° go 180° | Fosadh, mar a thaispeántar sa léaráid |
| 180° go 360° | Filleadh ar ais go dtí an suíomh tosaigh de Ghluaisne Armónach Shimplí. |

*Sa léaráid díláithriúcháin, úsáid fad 12mm chun seasamh do gach eatramh 30°.*

**Scála 1:1**




**Fíor C-4(a)**


**(b)** Taispeánann an ghrafaic ar dheis tochaltóir bréagáin.
I bhFíor C-4(b) thíos, taispeántar léaráide líneach ina bhfuil sonraí le haghaidh cuid den tochaltóir ina dtaispeántar, an roth tosaigh, an géag agus an buicéad.
Fanann an buicéad ar an dtalamh, mar a thaispeántar.



Rothlaíonn an roth ar deiseal trí 180°, ag gluaiseacht an tochaltóra feadh líne **AB**.
Le linn na gluaiseachta sin, rothlaíonn an géag ar deiseal trí 60°, timpeall phointe **R**, ar ráta tairiseach.
Fanann an líne **PQ** cothrománach le linn na gluaiseachta sin.

Tarraing imlíne an tochaltóra a thugtar, agus breac lócas phointe **P** don chomhghluaiseacht seo.

**Scála 1:1**





**Fíor C-4(b)**

**C-5.** Sa ghrafaic 3T ar dheis, taispeántar coinneálaí fóin le haghaidh rothair.
I bhFíor C-5 thíos, tugtar sonraí an choinneálaí. Tugtar an liosta páirteanna i dtábla freisin. Tá an ghéag sclóine claonta ar 45°.
Taispeántar cabhail an choinneálaí fóin ina codanna gearrtha, de réir mar is gá.
Tarraing ingearchló gearrtha ar A-A, agus taispeáin na páirteanna cóimeáilte go hiomlán. Ní gá na scriúnna agus na boltaí a thaispeáint.
(*Mura ndeirtear a mhalairt, tá fad 6mm i ngach filléad agus achar 1×1mm atá i ngach seaimféar. Tá roinnt toisí agus roinnt páirteanna inmheánacha bainte as ar mhaithe le soiléire. Is féidir meastachán a dhéanamh ar na toisí go léir atá fágtha ar lár.*)



**Scála 1:1**




| Páirt | Ainm | Líon |
|---|---|---|
| 1 | Brac Íochtair | 1 |
| 2 | Brac Uachtair | 1 |
| 3 | Feiste Sclóine | 1 |
| 4 | Géag Sclóine | 1 |
| 5 | Fearsaid Géige Sclóine | 1 |
| 6 | Cabhail Choinneálaí Fóin | 1 |
| 7 | Glas Luamháin Ceama | 1 |
| 8 | Fearsaid Luamháin Ceama | 1 |

**Fíor C-5**

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo